V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10580 – SE AG / SEC / SEPG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 440/08)

1. An 14 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Siemens Energy AG ("SE AG", an Ghearmáin),

— Shanghai Electric Group Company Limited ("SEC", Daon-Phoblacht na Síne),

— Shanghai Electric Power Generation Equipment Co. Ltd ("SEPG", Daon-Phoblacht na Síne).

Gheobhaidh SE AG agus SEC rialú comhpháirteach ar SEPG de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é SE AG an máthairghnóthas rialaithe deiridh de Siemens Energy Group, grúpa a dhéanann réitigh agus seirbhísí ar fud an tslabhra luacha fuinnimh a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthair, lena n-áirítear giniúint, tarchur, agus stóráil, chomh maith le feidhmchláir thionsclaíocha, a chuimsíonn punann leathan ó ghnáthfheidhmeanna tionsclaíocha go foinsí in-athnuaite,

— Tá SEC gníomhach i seirbhísí monaraíochta agus comhtháthaithe mór fuinnimh agus trealaimh thionsclaíoch, lena n-áirítear foirne gineadóra teirmeach, aonaid chumhachta núicléacha, trealamh cumhachta gaoithe, trealamh cumhachta T&D, trealamh cosanta comhshaoil, trealamh uathoibrithe, ardaitheoirí, réitigh idirthuras iarnróid agus réitigh Idirlíon tionsclaíoch na Rudaí Nithiúla,

— Is comhfhiontar é SEPG atá gníomhach i monaraíocht trealaimh giniúna cumhachta, comhfhiontar a tháirgeann galtuirbíní móra den chuid is mó le haghaidh gléasraí núicléacha agus iontaise/gualbhreoslaithe sa tSín.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10580 – SE AG / SEC / SEPG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.